



An Bhruiséil, 6 Iúil 2017
(OR. ga)

11053/17

**Comhad Idirinstitiúideach:
2014/0175 (COD)**

**CODIF 20
CODEC 1219
MI 549
UD 175
ECO 46**

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	4 Iúil 2017
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2017) 361 final
Ábhar:	Togra leasaithe le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (códú)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 361 final ón gCoimisiún.

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go raibh an Mheitheal um Chódú Reachtaíochta ag plé leis na trí thogra ón gCoimisiún roimhe seo le haghaidh códú i dtaca le Rialachán (CE) Uimh. 673/2005 ón gComhairle an 25 Aibreán 2005 lena mbunaítear dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, a luaitear sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra reatha agus ar scaipeadh an ceann deireanach díobh ar na toscaireachtaí sa doiciméad ST 10802/16. Tá toradh obair na Meithle um Chódú Reachtaíochta le feiceáil sa doiciméad ST 7461/17.

Iarrtar ar na toscaireachtaí a dtuairimí ar an togra le haghaidh codú a chur chuig na seoltaí seo a leanas faoin 10 Meán Fómhair 2017:

SECRETARIAT.Codification@consilium.europa.eu **AGUS** sj-codification@ec.europa.eu

Dírítear aird na dtoscaireachtaí ar an Treoir Phraiticiúil maidir le Códú (14722/14 + COR1 an 24 Deireadh Fómhair 2014).

Faoi iamh: COM(2017) 361 final



An Bhruiséil, 4.7.2017
COM(2017) 361 final

2014/0175 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe atá de thionscnamh
Stáit Aontaithe Mheiriceá (códú)**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. Ar an 12 Meitheamh 2014, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéanfaí códú ar Rialachán (CE) Uimh. 673/2005 ón gComhairle an 25 Aibreán 2005 lena mbunaítear dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá¹.
2. Ina tuairim dar dáta an 17 Meán Fomhair 2014, luaigh Meitheal Oibre Chomhairleach na seirbhísí dlí a bunaíodh faoin gComhaontú Idirinstiúideach dar dáta an 20 Nollaig 1994 ar mhodh oibre luathaithe um chódú oifigiúil téacsanna reachtacha² nach mbaineann an togra dá dtagraítear i bpointe 1 ach le códú simplí agus nach ndéantar aon athruithe ar shubstaint na ngníomhartha atá cumhdaithe leis.
3. Ar an 17 Iúil 2015, thíolaic an Coimisiún céadtogra leasaithe³ chun códú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 673/2005, tar éis leasuithe iardain a bheith déanta air.

I tuairim eile uaithi dar dáta an 17 Nollaig 2015, luaigh Meitheal Oibre Chomhairleach na seirbhísí dlí nach mbaineann an togra leasaithe sin ach le códú simplí agus nach ndéantar aon athruithe ar shubstaint na ngníomhartha atá cumhdaithe leis.

4. Ar an 23 Meitheamh 2016, thíolaic an Coimisiún an dara togra leasaithe⁴ chun códú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 673/2005, tar éis leasuithe iardain a bheith déanta air.

I tuairim eile uaithi dar dáta an 20 Nollaig 2016, luaigh Meitheal Oibre Chomhairleach na seirbhísí dlí nach mbaineann an togra leasaithe sin ach le códú simplí agus nach ndéantar aon athruithe ar shubstaint na ngníomhartha atá cumhdaithe leis.

5. Ag féachaint do na leasuithe arna nglacadh⁵ maidir le Rialachán (CE) Uimh. 673/2005, agus i bhfianaise na hoibre a rinneadh cheana i gcúrsa an nós imeachta reachtaigh, tá an Coimisiún tar éis cinneadh a dhéanamh togra leasaithe eile a thíolaic – i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den CFAE – chun códú a dhéanamh ar an Rialachán i dtrácht.

Maidir leis an togra leasaithe sin, déantar na hathruithe sin a mhol Meitheal Oibre Chomhairleach na seirbhísí dlí, ar athruithe foirmiúla nó eagarthóireachta amháin iad, a chur san áireamh ann freisin i gcás ina meastar go bhfuil údar maith leo⁶.

¹ COIM(2014) 343 críochnaitheach an 12.6.2014.

² IO C 102, 4.4.1996, lch. 2.

³ COIM(2015) 350 críochnaitheach an 17.7.2015.

⁴ COIM(2016) 408 críochnaitheach an 23.6.2016.

⁵ IO L 113, 29.4.2017, lch 12.

⁶ Féach tuairim na Meithle Oibre Comhairlí dar dáta 20 Nollaig 2016.

6. Is iad seo a leanas na hathruithe a rinneadh sa togra leasaithe seo, i gcomparáid leis an togra dá dtagraítear i bpointe 4:

(1) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 2:

‘Forchuirfear dleacht ad valorem 4,3 % de bhreis ar an dleacht chustaim is infheidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar na táirgí de thionscnamh Stáit Aontaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.*

* *Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).’;*

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhoclaíocht in Airteagal 6:

‘Cinnfear tionscnamh aon táirge a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.’;

(3) in Airteagal 7, scriostar mír 3;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs d'Iarscríbhinn I:

‘Saináithnítear na táirgí a mbeidh feidhm ag dleachtanna breise orthu trína gcód AC ocht n-uimhir. Is féidir tuairisc ar na táirgí a rangáitear faoi na cóid seo a fháil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle.

0710 40 00

ex 9003 19 00 ‘frámaí agus gléasadh táirmhíotail’

8705 10 00

6204 62 31

* *Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharfaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).’;*

(5) In Iarscríbhinn III, cuirtear an iontráil a leanas isteach:

‘Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/750 ón gCoimisiún (IO L 113, 29.4.2017, lch. 12).’;

(6) in Iarscríbhinn IV, cuirtear ‘–’ in ionad an tagairt do ‘Airteagal 7(3)’.

7. Tá téacs iomlán an togra leasaithe i gcomhair códúcháin i gceangal leis seo chun go bhféadfar é a léamh agus a scrúdú go héasca.

Togra leasaithe le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

☒ maidir le ☒ dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (códú)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,
Ag féachaint don Chonradh ☒ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ☒, agus go háirithe Airteagal ☒ 207(2) ☒ de,
Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,
Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,
Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁷,
Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,
De bharr an méid seo a leanas:



- (1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 673/2005⁸ a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta⁹. Ar mhaithe le soiléire agus le réasúntacht ba cheart an Rialachán sin a chódú.

↓ 673/2005 aithris 1

- (2) An 27 Eanáir 2003, ghlac Comhlacht um Réiteach Díospóide na hEagraíochta Domhanda Trádála leis an tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc¹⁰ agus an tuarascáil ón bPainéal¹¹, arna dhearbhu sa tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, ina bhfuarthas nach raibh an tAcht maidir le Dumpáil Leanúnach agus Fóirdheontas a Fhritháireamh (*the Continued Dumping and Subsidy Offset Act*) (CDSOA) i gcomhréir le hoibleagáidí Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi chomhaontuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála.

⁷ IO C [...], [...], lch. [...].

⁸ Rialachán (CE) Uimh. 673/2005 ón gComhairle an 25 Aibreán 2005 lena mbunaítear dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 110, 30.4.2005, lch. 1).

⁹ Féach Iarscribhinn III.

¹⁰ *United States — Offset Act (Byrd Amendment), Appellate Body report* (Na Stáit Aontaithe — An tAcht um Fhritháireamh (Leasú Byrd), tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc (WT/DS217/AB/R, WT/DS234/AB/R, 16 Eanáir 2003).

¹¹ *United States — Offset Act (Byrd Amendment), Panel report* (Na Stáit Aontaithe — An tAcht um Fhritháireamh (Leasú Byrd), tuarascáil ón bPainéal (WT/DS217/R, WT/DS234/R, 16 Meán Fómhair 2002).

↓ 673/2005 aithris 2 (oiriúnaithe)

- (3) Ós rud é gur theip ar na Stáit Aontaithe a reachtaíocht a thabhairt i gcomhréir leis na comhaontuithe cumhdaithe, d'iarr an Comhphobal ar an gComhlacht um Réiteach Díospóide an t-údarás a thabhairt dó cur i bhfeidhm na lámháltas taraife agus na n-oibleagáidí lena mbaineann faoin gComhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a chur ar fionraí i leith na Stát Aontaithe¹². Chuir na Stáit Aontaithe in aghaidh leibhéal fionraí na lámháltas taraife agus na n-oibleagáidí lena mbaineann, agus cuireadh an cheist chun eadrána.
-

↓ 673/2005 aithris 3 (oiriúnaithe)

- (4) Chinn an tEadránaí, an 31 Lúnasa 2004, gurbh ionann an leibhéal neamhnithe nó lagaithe a bhain don Chomhphobal gach bliain agus 72 % de mhéid eisíocaíochtaí an CDSOA a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh arna n-íoc ar allmhairí ón gComhphobal i leith na bliana is déanaí a raibh sonraí ina leith ar fáil an tráth sin, arna bhfoilsíú ag údarás na Stát Aontaithe. Maidir le lámháltas nó oibleagáidí eile a chuir an Comhphobal ar fionraí i bhfoirm forchur dleachta breise allmhairiúcháin de bhreis ar dhleachtanna custaim ceangailte ar liosta táirgí de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, nach mó a méid trádala bliantúil ná an méid neamhnithe nó lagaithe, ba é tátal an tEadránaí go mbeadh an fhionraí sin i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála. An 26 Samhain 2004, thug an Comhlacht um Réiteach Díospóide an t-údarú cur i bhfeidhm na lámháltas taraife agus na n-oibleagáidí lena mbaineann faoi CGTT 1994 a chur ar fionraí i leith na Stát Aontaithe i gcomhréir le cinneadh an Eadránaí.
-

↓ 673/2005 aithris 4 (oiriúnaithe)

- (5) Baineann eisíocaíochtaí an CDSOA don bhliain is déanaí a raibh sonraí ina leith ar fáil an tráth sin le dáileadh na ndleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh a bailíodh le linn na Bliana Fioscaí 2004 (1 Deireadh Fómhair 2003 go 30 Meán Fómhair 2004). Ar bhonn na sonraí a d'fhoilsigh Roinn Cosanta Teorann agus Custaim na Stát Aontaithe, 27,81 milliún dollar na Stát Aontaithe an leibhéal neamhnithe nó lagaithe a bhain don Chomhphobal. Tugadh údarú don Chomhphobal, mar sin, méid combhionann dá lámháltas taraife ar na Stáit Aontaithe a chur ar fionraí. B'ionann an éifeacht a bhí ag dleacht bhreise allmhairiúcháin 15 % *ad valorem* ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I de thionscnamh na Stát Aontaithe, thar aon bhliain amháin, agus luach trádála nach mó ná 27,81 milliún dollar na Stát Aontaithe. Maidir leis na táirgí sin, chuir an Comhphobal ar fionraí cur i bhfeidhm a lámháltas taraife ar na Stáit Aontaithe ón 1 Bealtaine 2005 ar aghaidh.

¹² *United States — Offset Act (Byrd Amendment), Recourse by the European Communities to Article 22(2) of the DSU* (Na Stáit Aontaithe — An tAcht um Fhritháireamh (Leasú Byrd), Leas á bhaint as Airteagal 22(2) an Chomhaontaithe um Réiteach Díospóidí ag na Comhphobail Eorpacha (WT/DS217/22, 16 Eanáir 2004).

↓ 673/2005 aithris 5 (oiriúnaithe)

- (6) I gcás ina leanfar de gan rialú agus moladh an Chomhlachta um Réiteach Díospóide a chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún an leibhéal fionraí a thabhairt i gcomhréir gach bliain leis an leibhéal neamhnithe nó lagaithe a bhaineann don Aontas an tráth sin de dheasca an CDSOA. Ba cheart don Choimisiún an liosta atá in Iarscríbhinn I nó ráta na dleachta breise allmhairiúcháin a leasú ionas go léiríonn éifeacht na dleachta breise ar allmhairí na dtáirgí roghnaithe ó na Stáit Aontaithe, thar aon bhliain amháin, luach trádála nach mó ná méid an neamhnithe nó an lagaithe.
-

↓ 673/2005 aithris 6 (oiriúnaithe)

- (7) Ba cheart don Choimisiún na critéir a leanas a urramú:
- (a) ba cheart don Choimisiún ráta na dleachta breise allmhairiúcháin a leasú i gcás nach féidir an leibhéal fionraí a chur i gcomhréir le leibhéal an neamhnithe nó lagaithe nuair atá táirgí á geur ar an liosta atá in Iarscríbhinn I, nó á mbaint de; ina éagmais sin, ba cheart don Choimisiún táirgí a chur leis an liosta atá in Iarscríbhinn I má thagann ardú ar an leibhéal fionraí, nó táirgí a bhaint den liosta sin má thagann laghdú ar an leibhéal fionraí;
 - (b) má chuirtear táirgí leis an liosta, ba cheart don Choimisiún na táirgí a roghnú go huathoibríoch ón liosta atá in Iarscríbhinn II de réir an oird ina liostaítear na táirgí; mar thoradh ar sin, ba cheart don Choimisiún an liosta atá in Iarscríbhinn II a leasú chomh maith trí na táirgí a cuireadh leis an liosta atá in Iarscríbhinn I a bhaint de;
 - (c) má aistarraingítear táirgí, ba cheart don Choimisiún, i dtús báire, na táirgí a cuireadh leis an liosta atá in Iarscríbhinn I tar éis 1 Bealtaine 2005 a bhaint de; ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún táirgí a bhí ar an liosta atá in Iarscríbhinn I an 1 Bealtaine 2005 a bhaint de réir ord an liosta sin.
-

↓ 38/2014 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn .4 (oiriúnaithe)

- (8) Chun na coigeartuithe is gá a dhéanamh ar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo , ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le leasú a dhéanamh ar ráta na dleachta breise nó ar na liostaí atá in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, ar leibhéal saineolaithe chomh maith. Ba cheart don Choimisiún, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle,

↓ 673/2005 (oiriúnaithe)

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá lamháltais taraife agus oibleagáidí gaolmhara an Aontais faoi CGTT 1994 curtha ar fionraí i leith táirgí de thionscnamh Stáit Aontaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

↓ 2017/750 Airteagal 1
(oiriúnaithe)

Airteagal 2

Forchuirfear dleacht *ad valorem* 4,3 % de bhreis ar an dleacht chustaim is infheidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³ ar na táirgí de thionscnamh Stáit Aontaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

↓ 673/2005 (oiriúnaithe)

Airteagal 3

1. Tabharfaidh an Coimisiún an leibhéal fionraí i gcomhréir go bliantúil leis an leibhéal neamhnithe nó lagaithe atá san Aontas an tráth sin mar thoradh ar an Acht maidir le Dumpáil Leanúnach agus Fóirdheontas de chuid Stáit Aontaithe (CDSOA). Leasóidh an Coimisiún ráta na dleachta breise nó an liosta atá in Iarscríbhinn I de réir na gcoinníollacha a leanas:

- (a) beidh an leibhéal neamhnithe nó lagaithe ionann le 72 % de mhéid na n-eisíocaíochtaí faoi CDSOA a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh arna n-íoc ar allmhairí ón Aontas i leith na bliana is déanaí a bhfuil sonraí ina leith ar fáil an tráth sin, mar atá foilsithe ag údaráis na Stát Aontaithe;
- (b) déanfar an leasú sa chaoi go mbeidh éifeacht na dleachta breise allmhairiúcháin ar allmhairí na dtáirgí roghnaithe de thionscnamh na Stát Aontaithe, thar aon bhliain amháin, ionann le luach trádála nach mó ná an leibhéal neamhnithe nó lagaithe;
- (c) seachas sna cúinsí a leagtar amach i bpointe (e), i gcás ina dtagann ardú ar an leibhéal fionraí, cuirfidh an Coimisiún táirgí leis an liosta atá in Iarscríbhinn I; roghnófar na táirgí sin ón liosta atá in Iarscríbhinn II de réir ord an liosta sin;
- (d) seachas sna cúinsí a leagtar amach i bpointe (e), i gcás ina dtagann laghdú ar an leibhéal fionraí, bainfear táirgí den liosta atá in Iarscríbhinn I; déanfaidh an Coimisiún, i dtús báire, na táirgí a bhí ar an liosta atá in Iarscríbhinn II an 1 Bealtaine 2005 agus a cuireadh leis an liosta in Iarscríbhinn I ag tráth níos déanaí a bhaint de; ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún táirgí a bhí ar

¹³ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

an liosta atá in Iarscríbhinn I ☒ an 1 Bealtaine 2005 ☒ a bhaint de réir ord an liosta sin;

- (e) leasóidh an Coimisiún ráta na dleachta breise i gcás nach féidir an leibhéal fionraí a thabhairt i gcomhréir leis an leibhéal neamhnithe nó lagaithe trí táirgí a chur leis an liosta atá in Iarscríbhinn I, nó iad a bhaint de.

2. I gcás ina gcuirtear táirgí leis an liosta atá in Iarscríbhinn I, leasóidh an Coimisiún, ag an am céanna, an liosta atá in Iarscríbhinn II trí na táirgí sin a bhaint den liosta atá in Iarscríbhinn II. Ní dhéanfar aon athrú ar ord na dtáirgí atá fós ar an liosta atá in Iarscríbhinn II.

↓ 38/2014 Airteagal 1 agus
Iarscríbhinn .4(1)

3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 chun coigeartuithe agus leasuithe a dhéanamh faoin Airteagal seo.

I gcás ina mbeidh faisnéis maidir le méid na n-eisíocaíochtaí a rinne na Stáit Aontaithe curtha ar fáil go déanach sa bhliain, ionas nach féidir spriocanna na hEagraíochta Domhanda Trádála agus spriocanna reachtúla a bhaint amach trí leas a bhaint as an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus, i gcás coigeartuithe agus leasuithe ar na hIarscríbhinní, agus dá bhrí sin go n-éileofaí amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlacfar de bhun na chéad fhomhíre.

↓ 38/2014 Airteagal 1 agus
Iarscríbhinn .4(2)

Airteagal 4

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 20 Feabhra 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de

thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin gníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

↓ 38/2014 Airteagal 1 agus
Iarscríbhinn .4(3)

Airteagal 5

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach léirítear aon agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi gníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gnímh tharmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 4(5). Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm gan mhoill tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh chun agóid a dhéanamh.

↓ 673/2005 (oiriúnaithe)

Airteagal 6

Cinnfear tionscnamh aon táirge a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 7

1. Táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I ar eisíodh ceadúnas allmhairiúcháin ina leith roimh ☒ 30 Aibreán 2005 ☒ a raibh díolúine nó laghdú dleachta ag gabháil leis an gceadúnas sin, ní bheidh na táirgí sin faoi réir na dleachta breise.

2. Táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ligtear isteach saor ó dhleachtanna allmhairiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009¹⁴ ón gComhairle, ní bheidh na táirgí sin faoi réir na dleachta breise.

↓

Airteagal 8

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 673/2005.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn IV.

¹⁴ Rialachán (CE) Uimh 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear córas faoiseamh de chuid an Chomhphobail ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23).

Airteagal 9

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ☒ fichiú ☒ lá ☒ tar éis lá ☒ a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*